RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/810 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Bealtaine 2021

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2021/808 a mhéid a bhaineann le forálacha idirthréimhseacha le haghaidh substaintí áirithe a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2002/657/CE

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile a rinneadh lena áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (an Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ([1]), agus go háirithe Airteagal 34(6) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2021/808 ón gCoimisiún ([2]), aisghairtear, *inter alia*, Cinneadh 2002/657/CE ón gCoimisiún ([3]). Leagtar amach in Airteagal 4 den Chinneadh sin, i gcomhar le hIarscríbhinn II a ghabhann leis, na teorainneacha íosta feidhmíochta is gá le haghaidh na substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de, clóraimfeineacól, meitibilítí nítreafúráin, aicéatáit meadrocspróigeistéarón agus uaine mhalaicíteach i maitrísí áirithe.

(2) Leagtar síos in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2019/1871 ón gCoimisiún ([4]) na forálacha idirthréimhseacha maidir le pointí tagartha le haghaidh gníomhaíocht (RPA) i gcás substaintí toirmiscthe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de. Na teorainneacha íosta feidhmíochta is gá maidir le clóraimfeineacól, meitibilítí nítreafúráin agus suim uaine malaicítí agus uaine leocamalaicítí, a chuimsítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2002/657/CE, ba cheart iad a chur i bhfeidhm mar RPA i gcás bia de bhunadh ainmhíoch a allmhairítear ó thríú tíortha agus i gcás bia de thionscnamh ainmhíoch a tháirgtear san Aontas go dtí an 27 Samhain 2022.

(3) Dá bhrí sin, chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2019/1871, ba cheart feidhm a bheith ag Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2002/657/CE d'fheidhm go dtí an 27 Samhain 2022.

(4) Chun leanúnachas a choimeád ar bun, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón dáta a thiocfaidh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2021/808 i bhfeidhm.

(5) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 7 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2021/808:

"Airteagal 7

Aisghairmeacha agus bearta idirthréimhseacha

Déantar Cinntí 2002/657/CE agus 98/179/CE a aisghairm ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

([1]) IO L 95, 7.4.2017, lch. 1.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2021/808 ón gCoimisiún an 22 Márta 2021 maidir le modhanna anailíse a fheidhmiú i leith iarmhair substaintí atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus a úsáidtear i mbia-ainmhithe, agus maidir le torthaí a léirmhíniú agus, ina theannta sin, maidir leis na modhanna atá le húsáid le haghaidh samplála agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2002/657/CE agus Cinneadh 98/179/CE (Féach leathanach 84 den Iris Oifigiúil seo).

([3]) Cinneadh 2002/657/CE ón gCoimisiún an 14 Lúnasa 2002 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 96/23/CE ón gComhairle maidir le modhanna anailíse a fheidhmiú agus torthaí a léirmhíniú (IO L 221, 17.8.2002, lch. 8).

([4]) Rialachán (AE) 2019/1871 ón gCoimisiún an 7 Samhain 2019 maidir le pointí tagartha le haghaidh gníomhaíochta i dtaca le substaintí neamhcheadaithe atá gníomhach ó thaobh na cógaseolaíochta de agus atá i mbia de thionscnamh ainmhíoch agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2005/34/CE (IO L 289, 8.11.2019, lch. 41).

Mar sin féin, go dtí an 10 Meitheamh 2026, leanfaidh na ceanglais a leagtar síos i bpointí 2 agus 3 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 2002/657/CE d'fheidhm a bheith acu maidir le modhanna a bheidh bailíochtaithe roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Chun na gcríoch dá dtagraítear sa dara mír d'Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2019/1871, leanfaidh Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh 2002/657/CE d'fheidhm a bheith aici go dtí an 27 Samhain 2022."

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 20 Bealtaine 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN